An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

Cuir an t-iarratas seo ar ais chuig:
An tAonad Ceadúnúcháin Oibritheoirí Iompair de Bhóthar
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Teach Chluain Fearta, Sráid Bhríde, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe

Feithiclí Breise a Chur le do Cheadúnas Oibritheora Iompair de Bhóthar (Tarlú & Paisinéirí), Feithiclí a Chur In Ionad Feithiclí ar an gCeadúnas sin nó Feithiclí a Bhaint den Cheadúnas sin

Úsáid an fhoirm iarratais seo chun feithiclí breise a chur le Ceadúnas Oibritheora Iompair de Bhóthar, feithiclí a chur in ionad feithiclí ar an gceadúnas sin nó feithiclí a bhaint den cheadúnas sin. Cuir tic sna boscaí de réir mar is cuí. Má tá tuilleadh spáis ag teastáil i leith aon chuid den iarratas seo, úsáid leathanach ar leithligh agus cuir i gceangal leis an bhfoirm é. Ní mór an táille chuí, más infheidhme, a chur in éineacht leis an iarratas, mar aon le haon doiciméid atá ag teastáil de réir mar atá leagtha amach ar leathanach 2 den fhoirm seo.

Roinn 1 Mionsonraí faoin Iarratasóir

Ainm Shealbhóir an Cheadúnais _____

Uimhir an Cheadúnais Oibritheora _____ Ceadúnas Oibritheora i gcomhair Tarlaithe ☐ nó Paisinéirí ☐ ?

Roinn 2 An fheithicil/Na feithiclí atá le baint den cheadúnas (más ann)

Tabhair uimhir chlárúcháin (uimhreacha clárúcháin) aon fheithicle (fheithiclí) ar mian leat iad a bhaint den Cheadúnas

1		**2**		**3**	

Roinn 3 An fheithicil (Na feithiclí) atá le cur leis an gceadúnas (más ann)

	Uimhir chlárúcháin	**Tarlú:** Meáchan uasta údaraithe **Paisinéirí:** An líon suíochán agus an tiománaí san áireamh	**Paisinéirí** Tá PSV bailí go dtí	An feithicil léasaithe í? Sea/Ní hea	Tá an cháin ar an bhfeithicil íoctha go dtí	Tá an t-árachas ar an bhfeithicil íoctha go dtí	Tá an Deimhniú Ródacmhainneachta bailí go dtí
1							
2							
3							

(Más tá tuilleadh spáis ag teastáil, úsáid leathanach ar leithligh agus tá leathanach den sórt sin le síniú agus le dátú ag an iarratasóir)

Ní mór do gach oibritheoir dóthain spásanna páirceála, mar aon le háitreabh oibriúcháin, a bheith aige nó aici sa Stát. Cuir tic sa bhosca, le do thoil, chun a dhaingniú go bhfuil **bunáit oibriúcháin agus páirceáil** dhóthanach ann do gach feithicil atá le húdarú ar an gceadúnas: ☐

Cuir tic sa bhosca chun a dhaingniú go bhfuil **tacagraf, agus é calabraithe faoi láthair**, ann i ngach feithicil atá le húsáid faoin gceadúnas: ☐

Roinn 4 Táillí

Tá an táille atá le híoc i leith an iarratais seo (más infheidhme) leagtha amach i roinn (ii) ar leathanach 2 den fhoirm seo. Luaigh méid na táille atá iniata, más ann: € ____ An modh íoca: ☐ Seic ☐ Dréacht Bainc ☐ Ordú Poist

Roinn 5 Dearbhú agus Síniú

- Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis go léir a thugtar san iarratas seo fíor agus cruinn.
- Daingním go bhfuil aon doiciméid riachtanacha, de réir mar atá leagtha amach leathanach 2, iniata.
- Aontaím cloí leis na coinníollacha a ghabhann leis an iarratas seo de réir mar atá leagtha amach i roinn (ii) ar leathanach 2 den fhoirm seo.

Síniú _____

Ainm i mBLOCLITREACHA_____

Dáta_____

Stádas _____ (trádálaí aonair, stiúrthóir, comhpháirtí, bainisteoir iompair)

Don Oifig Amháin

Roinn 6 Doiciméid Cheadúnúcháin Chaillte

(Níl an roinn seo le húsáid ach amháin i gcás inar cailleadh doiciméid cheadúnúcháin nach mór iad a chur ar ais in éineacht leis an iarratas seo – féach roinn (i) ar leathanach 2 den fhoirm seo).

Is mian liom a chur in iúl gur cailleadh/goideadh/díothaíodh an Diosca Iompair/an chóip den Cheadúnas Comhphobail/an chóip den Cheadúnas Oibritheora le haghaidh uimhir chlárúcháin (uimhreacha clárúcháin) _____

Síniú_____

Dáta _____

Síniú Chomhalta den Gharda Síochána _____

Dáta _____

Stampa an Stáisiúin Garda Síochána

Tuilleadh faisnéise mar chabhair duit chun feithiclí breise a chur le do Cheadúnas Oibritheora Iompair de Bhóthar, feithiclí a chur in ionad feithiclí ar an gceadúnas sin nó feithiclí a bhaint den cheadúnas sin

Ar an leathanach seo, tá faisnéis le fáil i dtaobh conas leathanach 1 den fhoirm seo a chomhlánú.

(i) Na doiciméid atá le cur in éineacht leis an iarratas seo

Nóta: Le héifeacht ón 18 Iúil 2013, tá ceadúnais oibritheora agus dioscaí iompair á n-eisiúint i bhformáid nua. Maidir leis na ceanglais a bhaineann leis an **gceadúnas bunaidh oibritheora** a thabhairt ar ais má tá athruithe á ndéanamh i ndáil leis na feithiclí údaraithe, tá difríochtaí beaga ann i dtaca leis na formáidí nua ceadúnais de réir mar atá leagtha amach thíos. I gcás ceadúnas a eisítear san fhormáid **nua**, ní gá an ceadúnas bunaidh oibritheora a thabhairt ar ais má tá feithiclí breise á gcur leis an gceadúnas, má tá feithiclí nua á gcur in ionad feithiclí atá ann cheana féin nó má tá feithiclí á mbaint den cheadúnas. I gcás ceadúnais **sean**fhormáide (i.e. ceadúnais a eisíodh roimh an 18 Iúil 2013), ní gá an ceadúnas bunaidh oibritheora a thabhairt ar ais ach amháin i gcás feithicil nua a bheith á cur in ionad feithicle atá ann cheana féin nó i gcás feithicil a bheith á baint den chlár (ní dhéantar feithicle atá le cur leis an gceadúnas a scríobh ar an gceadúnas a thuilleadh de réir mar ab amhlaidh roimhe seo).

Ní mór na doiciméid seo a leanas a thabhairt ar ais i gcás ina bhfuil aon fheithicil nua á cur in ionad feithicle atá ann cheana féin nó i gcás ina bhfuil aon fheithicil á baint den cheadúnas:

- An diosca bunaidh iompair a bhaineann leis an bhfeithicil
- I gcás ceadúnas idirnáisiúnta, an chóip dhílis dheimhnithe den Cheadúnas Comhphobail a bhaineann leis an bhfeithicil
- I gcás ceadúnas san fhormáid nua, an chóip dheimhnithe den Cheadúnas Oibritheora a bhaineann leis an bhfeithicil

Más rud é nach bhfuil na doiciméid sin, nó aon cheann áirithe díobh ar fáil, ní mór duit roinn 6 ar leathanach 1 den fhoirm seo a chomhlánú agus a chur faoi deara go ndéanfar é a stampáil agus a shíniú ag Stáisiún Garda Síochána.

(ii) Táillí

NÍL AON TÁILLE ANN maidir leis an méid seo a leanas:

- aon athruithe maidir leis na feithiclí ar **Cheadúnas Oibritheora Iompair Paisinéirí de Bhóthar**
- ábhar a scriosadh as Ceadúnas Oibritheora Tarlaithe de Bhóthar, i gcás nach bhfuil á dhéanamh ach feithiclí a bhaint de Cheadúnas
- feithiclí nua a chur in ionad feithiclí atá ann cheana féin ar Cheadúnas Oibritheora Tarlaithe de Bhóthar, i gcás ina ndéantar feithicil a chur leis an gceadúnas in ionad feithicle atá á baint den cheadúnas

Níl aon táillí ann ACH AMHÁIN nuair atá feithiclí breise á gcur le Ceadúnas Oibritheora Tarlaithe de Bhóthar, mar a leanas:

- Ceadúnas Náisiúnta: €20 in aghaidh na feithicle i gcomhair gach tréimhse 12 mhí, nó cuid de 12 mhí, atá fágtha ar an gceadúnas
- Ceadúnas Idirnáisiúnta: €46 in aghaidh na feithicle i gcomhair gach tréimhse 12 mhí, nó cuid de 12 mhí, atá fágtha ar an gceadúnas

Samplaí:

a Chun 3 fheithicil a chur le Ceadúnas Náisiúnta a bhfuil 20 mí fágtha air, is é atá sa táille ná 3 x €40 = €120. Ós rud é go bhfuil 20 mhí fágtha, tá dhá "tréimhse 12 mhí nó cuid de 12 mhí" ann maidir leis an gceadúnas. Tá táille €20 ann i leith gach ceann de na tréimhsí sin agus, dá bhrí sin, is é atá sa táille in aghaidh na feithicle ná €20 x 2 = €40. Dá bhrí sin, is é atá sa táille iomlán ná 3 x €40 = €120.

b Chun 1 fheithicil a bhaint de Cheadúnas Idirnáisiúnta a bhfuil 30 mí fágtha air agus 3 fheithicil a chur leis freisin, is é atá sa táille ná €276. Trí 1 fheithicil a bhaint den cheadúnas agus trí 3 cinn a chur leis, tagann méadú 2 fheithicil ar an líon foriomlán feithiclí. Dá bhrí sin, tá an táille iníoctha i leith 2 fheithicil. Ós rud é go bhfuil 30 mhí fágtha, tá trí "tréimhse 12 mhí nó cuid de 12 mhí" ann maidir leis an gceadúnas. *Tá táille €46 ann i leith gach ceann de na tréimhsí sin agus, dá bhrí sin, is é atá sa táille in aghaidh na feithicle ná €46 x 3 = €138. Dá bhrí sin, is é atá sa táille iomlán ná 2 x €138 = €276.*

(iii) Ceanglais maidir le Seasamh Airgeadais

Ní mór do gach oibritheoir dóthain acmhainní airgeadais a bheith aige nó aici, is é sin, €9,000 ar a laghad maidir leis an gcéad fheithicil, agus €5,000 maidir le gach feithicil bhreise, atá le húdarú lena húsáid faoin gCeadúnas Oibritheora Iompair de Bhóthar. Má tá méadú á dhéanamh agat ar líon foriomlán na bhfeithiclí atá ann ar do cheadúnas, agus nach bhfuil dóthain glansócmhainní ar taispeáint sa chlár comhardaithe nó sa ráiteas gnóthaí a soláthraíodh roimhe seo chun tacú leis na feithiclí breise, ansin is ceart duit clár comhardaithe nua nó ráiteas gnóthaí nua a thíolacadh dar dáta an dáta is déanaí atá ar fáil agus ina dtaispeántar go gcomhlíonann glansócmhainní an oibritheora an ceanglas atá leagtha amach thuas maidir le seasamh airgeadais.

(iv) Na coinníollacha a ghabhann leis an Iarratas seo

- Féadfaidh an tAire diúltú d'aon iarratas i gcás ina measann sé nó sí nach bhfuil na ceanglais maidir le feithicil a chur le ceadúnas, nó aon cheann díobh, á gcomhlíonadh nó á chomhlíonadh, i gcás ina ndéantar dearbhú bréagach nó más rud é nach bhfuil an t-iarratas sásúil nó má thréigtear é.
- Roimh ghéilleadh d'iarratas, féadfaidh an tAire cibé seiceálacha breise a dhéanamh is cuí leis nó léi nó aon fhaisnéis bhreise a iarraidh is cuí leis nó léi.
- Déanfaidh an tAire an fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas seo a choimeád ar ríomhaire. Déanann an tAire mionsonraí faoin bhfeithicil atá údaraithe ar cheadúnas a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne.
- Is féidir ionchúiseamh a thionscnamh mar gheall ar aon dearbhú bréagach a dhéantar san iarratas seo agus d'fhéadfaí fíneáil suas go €50,000 a fhorchur dá bharr sin.

Mionsonraí Teagmhála

Má tá aon cheisteanna agat faoi chomhlánú na foirme seo, déan teagmháil leis an Aonad Ceadúnaithe Oibritheoirí Iompair de Bhóthar ag 0761 001 601, nó le ríomhphost rtol@dttas.ie.